

# PLEAN FORBARTHA LEABHARLAINNE

DHÚN LAOGHAIRE-RÁTH AN DÚIN

2016 - 2020



## Beyond This

Beyond Spanish granite, beyond hanging lights,  
Beyond thirteen concrete V-beams, beyond panoramic views,  
Beyond this interplay of people, stone and silence,  
I'm thinking of one thing, when I think of this place.

Above us in space, the Perseids,  
trailing in the wake of the Swift-Tuttle comet,  
ejected particles, celestial debris,  
arrive here yearly, in our Summer season.

I'm thinking, do those meteors impact on us  
or does our Earth move towards them, and scoop them up?

And in the way we can't really call south the bottom  
or in the way we can't really call north the top,  
beyond our mapping of this cosmic choreography  
we don't know what draws what to what.

I'm thinking, that's the way we go through books.  
That's the way books move through us.

And if readers are made up of all that they borrow  
And a book is the sum of all of its writer's read words  
Then what this library stores beyond its many thousand covers  
Is as great as all we make and hold inside of us.

The gift of this place transcends time, and distance.  
Its gift is our potential, and potentially infinite.

*Colm Keegan*

*Inaugural Writer in Residence, dlr LexIcon*

*17th April 2015*



# Clár Ábhar

1.	Achoimre Fheidhmeach	4
2.	Réamhrá agus Modheolaíocht	6
3.	Timpeallacht Oibríochta Sheirbhís Leabharlainne Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin (DLR)	9
3.1	Forléargas	9
3.2	Seirbhís Leabharlainne dlr	9
3.3	Úsáid na Teicneolaíochta	12
3.4	Leabharlanna Brainse Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin	12
3.5	Bailiúcháin agus Acmhainní Leabharlainne	14
3.6	Clár Cultúir	14
3.7	Maoiniú agus Ioncam Leabharlanna	15
3.8	Tionscadail Chaipitil Leabharlainne	16
3.9	An méid atá bainte amach ag Plean Forbartha Leabharlainne 2010-2013	17
3.10	Achoimre	18
4.	Fís, Misean agus Luachanna	20
5.	Cuspóirí agus Spriocanna Straitéiseacha 2016-2020	21
6.	Cur i bhFeidhm agus Monatóireacht	28
	Aguisíní	29
1	Seirbhísí Leabharlainne	
2	Leabharlanna Oscailte	
3	Stoc na Leabharlainne	
4	Struchtúr Oibríochta	
5	Ballraíocht agus Eisiúintí Leabharlanna dlr 2010 go 2015	
6	PESTLE	
7	Liosta Comhairlí	
8	Suirbhé Poiblí - achoimre	

# I Achoimre Fheidhmeach

Tugann Plean Forbartha Leabharlainne Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin 2016-2020 breac-chuntas ar an soláthar seirbhísí reatha, ar fhís agus ar chuspóirí do Sheirbhísí na Leabharlainne le leanúint ar aghaidh ag éabhlú agus ag freastal ar riachtanais athraitheacha ár bpobal.

Tá Seirbhís Leabharlainne Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin i gcoilár an phobail áitiúil agus tá an tSeirbhís tiomanta d'fhís Chomhairle Chontae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, sé sin, “Comhairle a chuireann feabhas ar a bhfuil i ndán don Chontae”. Is í uaillmhian Leabharlanna dlr a bheith mar Phríomhsheirbhís Leabharlainne poiblí sa tír;

*daoine a nascadh agus a chumhachtú, smaointe a spreagadh agus tacaíocht a thabhairt d'acmhainneacht an phobail*

Tá sé mar aidhm ag an tSeirbhís Leabharlainne, ina hiarracht leis an uaillmhian seo a bhaint amach, feidhmiú i gcónaí de réir bunluachanna na Comhairle Contae, lena n-áirítear: a bheith cuntasach, dírithe ar an gcustaiméir, réamhghníomhach, faoi threallús ag sármhaitheas, airdeallach ar chostas agus misniúil.

Baineann pobal suntasach úsáideoirí le sraith riachtanais agus idirghníomhaíochtaí casta atá ag athrú, úsáid as Seirbhís na Leabharlainne. Cuireann sé sin dúshlán mar aon le deiseanna i láthair maidir le conas a chuirtear an tseirbhís ar fáil chun freastal ar riachtanais ár gcustaiméirí agus chun freagairt d'éilimh athraitheacha in imeacht ama.

Tá infheistíocht shuntasach déanta sa tSeirbhís Leabharlainne le 10 mbliana anuas a chuidigh le feabhas a chur ar fhoirgnimh agus a chuir leis an mbonn custaiméirí agus leis an tseirbhís. Tá sé tábhachtach, amach anseo, go gcinnteofar go ndéantar tuilleadh forbartha ar an tseirbhís agus go ndírítear infheistíocht caipitil ar réimsí, áit ina bhfuil riachtanais agus éilimh phobail, ag teacht le clár caipitil ceadaithe na Comhairle. Tá sé mar aidhm

ag Leabharlanna dlr freastal ar éilimh na bpobal áitiúil agus príomhsaoráid phoiblí a sholáthar chun tacaíocht a thabhairt don phobal lena n-acmhainneacht a bhaint amach.

Tá curtha le huaireanta oscailte le cúig bliana anuas, agus tá éileamh ar níos mó inrochtana ó chustaiméirí fós ag ardú. Tá sé tábhachtach tuilleadh feabhas a chur ar rochtain ar an tseirbhís agus beidh sé mar phríomhchuspóir measúnú a dhéanamh ar an fhéidearthacht maidir le cur le huaireanta oscailte. Áirítear leis sin, oscailt le linn am lón agus b'fhéidir ar an Domhnach, i gceantair ina bhfuil riachtanais shoiléir, ag tógáil airgeadas agus acmhainní foirne araon san áireamh.


Déanfar fiosrú ar shamhlacha nua seachadta seirbhísí do chustaiméirí, mar shampla samhail na Leabharlainne Oscailte agus bainfear an leas is fearr is féidir as Leabharlann Fhíorúil. Ní mór go léireoidh bailiúchán agus acmhainní riachtanais úsáideoirí leabharlainne. Is é seo an t-am le hinfeistíocht a dhéanamh sa timpeallacht dhigiteach agus le tionscadail chomhoibríoch a fhiosrú. Dé réir mar a thagann athrú ar an tsamhail seachadta seirbhíse i leabharlanna poiblí, ní mór do leabharlanna forbairt a dhéanamh ar cheannaireacht ag gach leibhéal den fhórsa saothair atá bainteach le forbairt eagraíochtúil agus le bainistíocht athruithe.

Tacóidh Leabharlanna dlr, ag teacht le beartais náisiúnta i **nDeiseanna do Chách: Straitéis do leabharlanna poiblí 2013-2017**, le haidhmeanna a bhaineann le cur chun cinn eacnamaíoch le linn saolré an phlean seo. Tá deiseanna ann don tSeirbhís Leabharlainne ó thaobh tacaíocht a thabhairt do scileanna foghlama agus forbartha trí chur chuige comhoibríoch trí chothú a dhéanamh ar chomhpháirtíochtaí le príomhghceallsealbhóirí ar nós na hOifige Fiontair Áitiúil agus ó thaobh fiosrú a dhéanamh freisin ar bhealaí nua seirbhíse, go fisiciúil agus go digiteach araon.

Tá caighdeán saoil agus léiriú cultúir ag leibhéal áitiúil mar phríomhthosaíocht ag Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin mar atá léirithe sa Phlean Corparáideach. Féachtar ar an leabharlann mar spás cultúir i **nDeiseanna do Chách**, ionad cruinnithe do dhaoine agus do smaointe ar aon, ag cruthú deiseanna chun cur le saol an phobail. Tá cruthú bealaí nua don phobal chun a bheith rannpháirteach le leabharlanna agus fiosrú a dhéanamh ar dheiseanna trialach foghlama ríthábhachtach.

Tá sé mar aidhm le Seirbhís Leabharlainne dlr seachadadh a dhéanamh ar théamaí uileghabhálacha beartas náisiúnta **Deiseanna do Chách** sa chomhthéacs áitiúil:

- *Forbairt Eacnamaíochta*
- *Cruthaitheacht agus Comhtháthú Sóisialta*
- *Féiniúlacht Chultúir*



## 2 Réamhrá agus Modheolaíocht

Is é misean Leabharlann Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin:

‘a bheith chun tosaigh i seachadadh, i gcomhordú agus i rialú seirbhísí poiblí ar ardchaighdeán dár bpobal, i gcomhpháirtíocht lenár ngeallsealbhóirí.’

Tá luachanna corparáideacha Chomhairle Chontae DLR mar bhonn taca le seachadadh a dhéanamh ar sheirbhís leabharlainne atá bríomhar agus fuinniúil agus go hachomair áirítear orthu sin:

- **Cuntasach**

Beidh freagracht iomlán ar Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin as a cinnti agus as a gníomhartha uile a dhéanamh ar bhealach cuntasach follasach.

- **Dírthe ar an gcustaiméir**

Iompróidh Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin í féin ar bhealach chuimsitheach go hiomlán agus caithfidh sí lena custaiméirí uile le meas, le tuiscint agus le dínit nuair a bhíonn sí ag soláthar seirbhísí den scoth.

- **Réamhghníomhach**

Gníomhóidh Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin ar bhealach comhleanúnach dearfach agus léireoidh sí ceannaireacht i mbun cinnteoireachta.

- **Faoi Threallús ar Shármhaitheas**

Féachfaidh Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin leis na caighdeáin is airde ó thaobh iompair, soláthar seirbhísí agus seirbhíse do chustaiméirí a bhaint amach i gcónaí.

- **Airdeallach ar ar Chostas**

Cinnteidh Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin go dtabharfar aird ar leith ar chostas agus ar luach ar airgead nuair a bhíonn cinntí á ndéanamh i ngach gné dá cuid gnó.

- **Misniúil**

Déanfaidh Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin cinntí chun leas a cuid cónatseoirí agus gnóthas i gcónaí agus glacfaidh sí cur chuige láidir nuálach agus í i mbun a cuid ngníomhaíochtaí.

Ceanglaítear ar Sheirbhís Leabharlainne Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, faoin Acht Rialtais Áitiúil 2001, sa chomhthéacs seo, clár agus Plean Forbartha Leabharlainne a ullmhú agus glacadh leis maidir le feidhmiú agus forbairt a dhéanamh ar a chuid seirbhísí leabharlainne; forálann Acht 78 (5) agus (6) den Acht Rialtais Áitiúil 2001:

- (5) *Déanfaidh údarás leabharlainne ó am go ham, nó má iarrann an tAire air é, clár a ullmhú agus a ghlacadh maidir lena sheirbhís leabharlainne a oibriú agus a fhorbairt (dá ngairtear san alt seo an “clár forbartha leabharlainne”).*
- (6) *Beidh, i ngach clár forbartha leabharlainne arna ullmhú ag údarás leabharlainne faoi fho-alt (5)—*
  - (a) *sracléiriú ar na seirbhísí leabharlainne láithreacha,*
  - (b) *na cuspóirí agus na tosaíochtaí forbartha don tseirbhís leabharlainne,*
  - (c) *na bearta a rinneadh nó a bheartaítear a dhéanamh chun na cuspóirí forbartha sin a áirithiú,*
  - (d) *impleachtaí airgeadais nó impleachtaí eile an chlár forbartha leabharlainne,*
  - (e) *cibé nithe eile a mheasfaidh an t-údarás leabharlainne is gá nó a shonróidh an tAire i scríbhinn.*

Tá forbairt déanta ar an bPlean nua Forbartha Leabharlainne 2016-2020 le cur le hobairt pleananna roimhe seo agus tá an plean faoi thionchar ag straitéisí agus ag caighdeáin áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta. Leagann sé amach an treo don tSeirbhís Leabharlainne amach anseo, le clár spriocanna agus pleananna atá freagrach do riachtanais athraitheacha an phobail.

Ullmhaíodh an Plean seo tar éis comhairliúchán poiblí agus breithniú an Choiste um Beartais Straitéiseach (SPC) ar Fhorbairt Pobail, Cultúr agus Aosú. Tá Leabharlanna dlr rannpháirteach i bpróiseas pleanála comhoibríoch leis an bhfoireann agus leis an bpobal. Baineadh rannpháirtíocht na foirne amach trí ghrúpa oibre agus *Citizen Space*, mol comhairliúcháin ar líne DLR. Tugadh cuireadh d’fhoireann na leabharlainne ionchur a bheith acu i Ráiteas Misean nua i gcomhthéacs Plean Corparáideach DLR agus ***Deiseanna do Chách***.

Rinne siad anailís ar láidreachtaí, laigí, deiseanna agus bagairtí (SWOT) agus tugadh cuireadh dóibh moltaí a dhéanamh ó thaobh aon ghné den tseirbhís ar mian leo athbhreithniú a dhéanamh air. Rinne Leabharlanna dlr suirbhé ar an bpobal tríd an láithreán gréasáin, an líonra brainse, agus trína Líonraí Rannpháirtíochta Pobail. Baineadh ráta ard freagartha de 290 freagra amach. Tionóladh dhá thráthnóna oscailte i dlr LexIcon agus i Leabharlann Dhún Droma. Tógadh gach tuairim san áireamh agus an plean seo á scríobh agus is í uailmhian an phlean seo freastal ar riachtanais na bpobal áitiúil san áit is praiticiúil agus is réasúnta.

Aithníodh líon saincheistean na chomhairliúcháin agus léiríodh go sonrach nach mór do Leabharlanna dlr díriú ar:

- Foirgnimh
- Cúram custaiméirí
- Forbairt na mBailiúcháin
- Uaireanta Oscailte
- Ról na leabharlainne mar spás pobail
- Spásanna ciúin
- Comharthaíocht fheabhsaithe
- Infrastruchtúr Wifi

Rinneadh iarracht leis an bPlean seo aghaidh a thabhairt ar shaincheistean a ardaíodh agus cur leis an dul chun cinn go dtí seo. Leanfaidh Leabharlanna dlr de dhul i gcomhairle le pobail áitiúla ar mhaithe lena chinntiú go bhfuil an tseirbhís ag freastal ar riachtanais an phobail. Déanfar athbhreithniú go tréimhsiúil ar an bplean le measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht i gcomparáid le cuspóirí agus tabharfar cothrom le dáta é dá réir sin.



## 3 Timpeallacht Oibríochta Sheirbhís Leabharlainne Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin

### 3.1 Forléargas

Tá Dún Laoghaire-Ráth an Dúin ar an gcontae is lú sa tír, ó thaobh spáis, clúdaíonn an contae achar de 125km<sup>2</sup>, cé go bhfuil an 6ú daonra is airde ann d'údaráis áitiúil go léir na tíre. Dheimhnigh Daonáireamh na bliana 2011 go raibh daonra de 206,261 sa Chontae, ardú 6.3% (+12,223) ó 2006.

Tá roinnt de na hacmhainní eacnamaíocha agus nádúrtha is fearr agus is tábhachtaí sa réigiún sa Chontae. Is contae ar leith atá ann lena mbaineann borradh ach ina bhfuil ceantair bheaga atá saibhir agus atá faoi mhíbhuntáiste mór ag an am céanna. Tá gníomhaíocht gheilleagrach dírithe ar príomhdhúichí gnó, lena n-áirítear Dún Droma, Áth an Ghainimh agus Dún Laoghaire, chomh maith le príomhionaid ar nós na Carraige Duibhe agus Stigh Lorgan, le fás amach anseo i gCoill na Silíní, arbh ionann é agus an crios forbartha is mó atá sa Chontae agus táthar ag súil go mbeidh forbairt déanta air sin le linn na deich mbliana atá amach romhainn. Tá an ollscoil is mó sa Stát, an Coláiste Ollscoile Baile Átha Cliath, sa Chontae freisin, atá ar an fhostóir is mó sa cheantar.

Áirítear le próifíl shocheacnamaíoch an Chontae, go leor buntáistí bunúsacha, lena n-áirítear, fórsa saothair ardoilte agus raon gnóthais dúchasach agus eachtrach atá ar ardchaighdeán agus atá ag feidhmiú sa cheantar. Tá an ráta dífhostaíochta is ísle agus an leibhéal is airde oideachais d'aon Chontae sa Stát i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin. Tá formhór na fostaíochta i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin sna hearnálacha gairmiúla, teicniúla, bainistíochta, rialtais agus tráchtála.

Léiríonn sonraí daonra céatadán níos airde daoine scothaosta (beagnach 15% den daonra i gcomparáid le 12% ar bhonn náisiúnta) agus daonra éagsúil, mar go n-aithnítear 11% d'áititheoirí mar náisiúnaigh neamhÉireannacha. Sa bhreis air sin, tá thart ar 11,000 duine cláraithe dífhostaithe sa chontae, agus tá líon ard mic léinn tríú leibhéal ina gcónaí sa cheantar.

Cuireann freastal ar riachtanais pobal éagsúil den sórt sin, fíor-dheiseanna ar fáil le seirbhísí leabharlainne sainoiriúnaithe agus nuálacha a sholáthar le tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt pobail.

### 3.2 Seirbhís Leabharlainne dlr:

Tá Leabharlanna Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin mar ghné lárnach de Chomhairle Chontae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin (DLRCC). Tá an tSeirbhís Leabharlainne, lena n-áirítear an tSeirbhís Ealaíne, mar phríomhchuid den Rannóg nua Eacnamaíochta, Pobail agus Cultúir laistigh den DLRCC, a cruthaíodh i mí na Samhna 2015.

Tá an Stiúrthóireacht freagrach as forbairt a dhéanamh ar an bPlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail agus é a chur i bhfeidhm agus as gach réimse d'Fhorbairt Gheilleagrach, lena n-áirítear an Oifig Fiontair Áitiúil (LEO). Tá an Stiúrthóireacht freagrach freisin as Forbairt Pobail; tá an tSeirbhís Leabharlainne agus Oifig Ealaíon mar chuid thábhachtach de ghné Cultúir na Roinne.



Cuideoidh an Stiúrthóireacht nua seo lena chinntiú go bhfuil cur chuige lánpháirtithe agus nasc níos láidre idir forbairt, eacnamaíochta, pobail agus cultúir le ról lárnach ag Leabharlanna agus ag na hEalaíona.

Tá foireann chomhionann lánaimseartha de 79 fostaithe ag Leabharlanna dlr faoi láthair agus cuireann seirbhís leabharlainne de 368 uaire an chloig in aghaidh na seachtaine ar fáil. Tá sé mar aidhm tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an tseirbhís chun tacaíocht a thabhairt d’fhorbairt pobail, ag teacht leis an straitéis náisiúnta atá leagtha amach i *nDeiseanna do Chách*, “cuireann leabharlanna poiblí comhtháthú agus folláine phoiblí, borradh geilleagrach agus féiniúlacht chúlúir chun cinn”.

Cuirfidh Seirbhís Leabharlainne dlr an plean d’fhórsa saothair náisiúnta do leabharlanna i bhfeidhm le linn saolré an phlean forbartha seo, ag teacht leis an treoir i *nDeiseanna do Chách* a aithníonn an tábhacht a bhaineann le forbairt an fhórsa saothair do

sheachadadh seirbhíse leabharlainne. Tá tiomantas do bhunú clár leanúnach i bhforbairt ceannaireachta ann do bhainisteoirí leabharlainne laistigh den Chóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (PMDS) agus den Chreat Inniúlachta.

Oibríonn an tSeirbhís Leabharlainne ar leibhéal náisiúnta le húdarais leabharlainne eile maidir le stoc a fháil agus le leathadh amach an Chórais Bainistíochta Leabharlainne náisiúnta nua. Tá an tSeirbhís Leabharlainne rannpháirteach i dtionscnaimh Léitheoireachta an tSamhraidh le 12 údarás áitiúile eile. Oibríonn an tSeirbhís go dlúth le raon leathan institiúidí cultúir agus eagraíochtaí ar nós Ambasáidí, Éigse Éireann, Leabhair Pháistí Éireann, *Kid’s Own*, Oifig Mheitéareolaíochta Éireann, Seachtain Eolaíochta na hÉireann, chomh maith le hinstiúidí oideachais ar nós an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, an Institiúid Ealaine, Deartha agus Teicneolaíochta, Dhún Laoghaire, na Coláistí Breisoideachais áitiúla, Ionad Oideachais na Carraige Duibhe agus bunscoileanna agus meánscoileanna Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.

Ar leibhéal áitiúil, oibríonn Leabharlanna dlr le heagraíochtaí pobail éagsúla ar nós grúpaí áititheoirí áitiúla, grúpaí gníomhaíochta lucht scoir agus grúpaí staire áitiúla. Laistigh den údarás áitiúil, cuireann Ealaíona agus Leabharlanna an “Féile Leabhar dlr Ó Chuan go Sliabh” láthair i gcomhar le chéile, féile a bhfuil ag éirí thar barr léi.


GRÁD	LÍON (Comhionann Lánaimseartha)
Leabharlannaí Contae	1
Leabharlannaí Feidhmiúcháin Sinsearach	3
Leabharlannaí Sinsearach	11
Oifigeach Sinsearach Foirne	1
Leabharlannaí	8
Oifigeach Foirne	5
Cúntóir Sinsearach Leabharlainne	5
Oifigeach Cúnta Foirne	1
Cúntóir Leabharlainne	35
Oifigeach Cléireachais	3
Foireann Tacaíochta	6
Iomlán	79

Tá na figiúirí go léir ceart amhail 31/12/1




Déanann an tSeirbhís Leabharlainne bainistíocht ar 8 leabharlann brainse, atá éagsúil ó thaobh méid agus déimeagrafach. Ar phríomh-shainchúram Plean Forbartha Leabharlainne dlr (2010-2013) roimhe seo, bhí infrastruchtúr leabharlainne nua agus feabhsaithe, le hinfeistíocht shuntasach i gcreatlach an fhoirgnimh. Tá go leor de na haidhmeanna bainte amach, lena n-áirítear dlr Lexicon i nDún Laoghaire chomh maith le leabharlanna athchóirithe ar fud an Chontae.

Tá ballraíocht na Leabharlainne imithe ó neart go neart. Ón mbliain 2008 tá ardú 38% tagtha ar bhallaíocht Leabharlanna dlr agus ardú 26% ar eisiúintí. Bhí clárú líon iomlán patrúin de 77,890 ann i mí na Nollag, 2015, atá ar cheann de na cinn is airde sa tír ag 38%. Is ionann eisiúintí bliantúla agus 1.4 milliún mír. Is teistiméireacht ar infheistíocht Chomhairle Chontae DLR sa tseirbhís agus go háirithe san infrastruchtúr leabharlainne le blianta beaga anuas, an t-ardú thar na bearta in úsáid leabharlainne.



### 3.3 Úsáid na Teicneolaíochta



Leanann éileamh an phobail ar chianrochtain ar bhailiúcháin agus ar an tseirbhís de bheith ag fás. Tugadh 1.8m cuairt ar phríomhleathanach láithreán gréasáin Leabharlanna dlr sa bhliain 2015. Tá cur chun cinn déanta ag Leabharlanna dlr ar a leabharlanna fíorúla trína hiliomad seirbhísí ar líne 24/7, ar nós ríomhleabhar is féidir a íoslódáil, ríomh-chlosleabhar, foghlaim teanga agus taighde nuachtáin agus is féidir tabhairt faoi na nithe sin go léir ón mbaile nó ón oifig, beag beann ar an láthair nó ar an am den lá.

Tá dlr Lexlcon ag cruthú deiseanna foghlama trialacha don phobal i dtimpeallacht leabharlann poiblí. Tá cur chuige cruthaitheach teicneolaíochta i gceist leis seo a chuirfidh ní amháin cluichí agus fréamhshamhaltú mear ar fáil ach cuirfear clár teicneolaíochta pearsanta ar fáil do dhéagóirí agus don phobal níos leithne freisin. Tá rochtain ar threalamh cinntithe do dhaoine den uile aois ag bunú Saotharlann Lexlcon agus ar cheapadh an chéad Choimeádaí sa Teicneolaíocht Chruthaitheach. Baineann teaghlaigh úsáid as teicneolaíocht agus as uirlisí foghlama atá oiriúnach ó thaobh aoise. Cuireann an tSaotharlann deiseanna foghlama ar fáil do theicneolaíocht deartha 3D agus do phriontáil.

Tá iarracht á dhéanamh ag Seirbhís na Leabharlainne le saoránaigh a chumhachtú trí rochtain ar scileanna

digiteacha agus ar eolas agus leanfar le fiosrú a dhéanamh ar an acmhainn atá á cur ar fáil ag teicneolaíocht atá ag teacht chun cinn agus le rochtain a fheabhsú do phobail áitiúla. Déanfaidh an tSeirbhís Leabharlainne é sin i gcomhthéacs straitéis dhigiteach DLR.

### 3.4 Leabharlanna Brainse Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin

Déanann 8 Leabharlann Brainse seachadadh ar sholáthar Seirbhís Leabharlainne ar fud an Chontae. Tá cur síos imlíneach le léarscáil curtha ar fáil thíos. Is é an sprioc atá leis an bplean seo, leanúint ar aghaidh le hardú a chur ar bhallaíocht na leabharlainne agus bealaí nua a lorg le teagmháil a dhéanamh le pobail, trí fheabhas agus rochtain a chur ar fáil ar ár gcuid seirbhísí trí leabharlann fhíorúil agus trí shamhlacha seachadta seirbhíse nua araon a d'fhéadfadh a bheith ann, lena n-áirítear Leabharlanna Oscailte (*féach Aguisín 2*).

#### Leabharlann na Carraige Duibhe

Cuireadh síneadh le Leabharlann Carnegie bunaidh, agus rinneadh an leabharlann a athchóiriú go hiomlán agus cuireadh síneadh 454m<sup>2</sup> go 537m<sup>2</sup> leis an spás. Tá spás breá sa taobh istigh anois, tá sé geal agus fairsing le saoráidí idirlíon poiblí féinseirbhíse níos fearr. Tá seomra léitheoireachta, suíocháin bhreise agus spásanna staidéir chomh maith le leabharlann álainn nua do leanaí curtha ar fáil. Bhí 5,893 pátrún ina mbaill cláraithe de Leabharlann na Carraige Duibhe sa bhliain 2015.



### Leabharlann Chábán tSíle

Is é R.M. Butler a dhear an leabharlann seo a tógadh sa bhliain 1912, agus atá ainmnithe mar struchtúr atá faoi chosaint. Ceadaíodh pleananna i Samhradh na bliana 2015 do shíneadh réasúnta beag le leithris phoiblí agus spás oifige a thógáil don fhoireann. Tá an obair seo in ainm is a bheith críochnaithe in Earrach na bliana 2016. Bhí 4,770 pátrún cláraithe mar bhaill de Leabharlann Cábán tSíle sa bhliain 2015.



### Leabharlann Dheilginse

Osclaíodh Leabharlann Dheilginse sa bhliain 1989. Bhí achar de 397m<sup>2</sup> san fhoirgneamh a bhí ann cheana. Sa bhliain 2012 rinneadh athchóiriú suntasach ar an leabharlann le saoráidí ceadaithe don phobal agus oscailt Ghairdín Maeve Binchy. In 2015, bhí 7,021 pátrún cláraithe mar bhaill le Leabharlann Dheilginse.



### Leabharlann Ghráinseach an Déin

Tá leabharlann Ghráinseach an Déin os cionn tríocha cúig bliain d'aois le spás de 665m<sup>2</sup> nó gur tógadh síneadh nua de thart ar 120m<sup>2</sup> sa bhliain 2012. Tá an leabharlann seo ar an dara brainse is gnóthaí i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin. Sa bhliain 2015 bhí 11,673 pátrún cláraithe mar bhaill do Leabharlann Ghráinseach an Déin.



### dIrl Lexlcon / An Lárleabharlann agus an tIonad Cultúir.

Osclaíodh an Lexlcon don phobal go neamhfoirmiúil i mí na Nollag 2014, agus reáchtáladh an oscailt oifigiúil i mí Aibreán 2015. Tá an foirgneamh íocónach seo mar chuid rithábhachtach de chlár athghiniúna bhaile Dhún Laoghaire. Is ionad bríomhar foghlama agus cruthaitheachta atá ann dóibh siúd atá ina gcónaí, ag obair nó atá ag tabhairt cuairt ar an gcontae, agus tá an tsaoráid mar chroílár an phobail.

Cuireann an Lárleabharlann cóiríocht ar fáil do sheomraí léitheoireachta ginearálta, le bailiúchán saibhir de thart ar 80,000 leabhar, DVDanna agus CDanna.



Tá Gailearaí an Chontae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, Stiúideo, Caifé agus seomraí cruinnithe suite san fhoirgneamh.

Tá an acmhainneacht ag Páirc Uí Mhóráin le príomhról a bheith aici mar thaitneamhacht áitiúil. Tá tírdhreachú agus athfhorbairt as cuimse déanta ar an bPáirc. Tionóltar imeachtaí, taispeántais, scannáin, margaí agus léiriúcháin inti. Tá spás páirceála ar fáil do 100 carr.

Sa bhliain 2015, bhí 15,572 pátrún mar bhaill chláraithe de dIrl Lexlcon. Tá thart ar 2,500 úsáideoir ag dIrl Lexlcon ar laethanta atá gnóthach agus tá an tóir atá air ag dul i méid mar áit le cuairt a thabhairt air, go háirithe d'imeachtaí ar nós Laethanta do Theaghlaigh, Féile Leabhar dIrl Ó Chuan go Sliabh agus clár do Sheachtain na hEolaíochta.

Cuireadh fáilte roimh thart ar 500,000 ó osclaíodh an Lexlcon agus tá sé neadaithe i gcroílár an phobail ag cur spás ar fáil d'fhoghlaim agus do thaighde, le smaointe a fhorbairt, a chruthú agus a roinnt.

### Leabharlann Dhún Droma

Tá an leabharlann suite i bhfoirgneamh Carnegie ina bhfuil dhá leibhéal, a bhí deartha ag R.M. Butler agus osclaíodh sa bhliain 1914. Tá sé ainmnithe mar struchtúr atá faoi chosaint. Tugadh roinnt mionobreacha athchóirithe chun críche sa bhliain 2010. Táthar ag súil uasghrádú a dhéanamh ar an leabharlann le linn saolré an Phlean Forbartha Leabharlainne seo, faoi réir ag maoiniú. Bhí 15,992 pátrún cláraithe mar bhaill den leabharlann seo sa bhliain 2015.



### Leabharlann Sheanchille

Tógadh an Leabharlann Carnegie seo, a bhí deartha ag R.M. Butler, thart ar 1912. Tá an foirgneamh ainmnithe mar struchtúr atá faoi chosaint. Tá sé ar an leabharlann is lú i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin, le hachar de 165m<sup>2</sup>. Tugadh faoi roinnt mionoibreacha i ndeireadh na 1970-idí agus tugadh forbairtí eile chun críche sa bhliain 2014. Sa bhliain 2015, bhí 3,429 pátrún mar bhaill chláraithe de Leabharlann Sheanchille.



### Leabharlann Stigh Lorgan

Tá an leabharlann i Stigh Lorgan suite i struchtúr réamhdhéanta óna 1970-idí, gar d'ionad siopadóireachta. Tá an struchtúr tríocha is a cúig bliain d'aois anois agus rinneadh athchóiriú cuimsitheach air sa bhliain 2010. Tá úsáid na leabharlainne fós tréan le 10,212 pátrún cláraithe mar bhaill in 2015. Tá leabharlann phoiblí nua a chur ar fáil do Stigh Lorgan fós mar phríomhchuspóir ag an gComhairle agus fiosrúfar é seo mar chuid d'aon tograí forbartha amach anseo do cheantar Stigh Lorgan.



### 3.5 Bailiúcháin agus Acmhainní Leabharlainne

An fheidhm lárnach atá ag leabharlann phoiblí bailiúcháin a roghnú, a fháil, a choimeád, a chaomhnú agus rochtain orthu a sholáthar. Is é sprioc Leabharlanna dlr a chinntiú go bhfeabhsaítear, go ndéantar uasghrádú agus go ndéantar seachadadh i bhformáidí éagsúla ar bhailiúcháin leabharlainne le freastal ar riachtanais na bpátrún.

Tugadh Beartas Forbartha na mBailiúchán Seirbhíse Leabharlainne Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin cothrom le dáta sa bhliain 2015. Cinnteoidh sé rochtain ar smaointe agus ar eolas agus cuirfidh chun cinn an pléisiúr a bhaineann le léitheoireacht, an dúil san eolas agus an grá d'fhoghlaim ar feadh an tsaoil. Freastalaíonn an Beartas mar dhoiciméad oibre agus mar uirlis phleanála do roghnú, fáil agus neamhroghnú stoc. Cinntíonn sé fás seasmhach agus cothrom na mBailiúchán, cuidíonn le cumarsáid idir brainsí, éascaíonn comhoibriú idirleabharlainne agus roinnt acmhainní. Baineann sé go díreach le ráiteas misin na Seirbhíse Leabharlainne agus déantar athbhreithniú air ar bhonn rialta agus tugtar cothrom le dáta é nuair is gá.

Tá Beartas Forbartha na mBailiúchán Sheirbhíse Leabharlainne Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin le fáil ag láithreán gréasáin na Leabharlainne ag [libraries.dlrcoo.ie](http://libraries.dlrcoo.ie)

Déanfaidh Leabharlanna dlr, faoi Chaighdeán Náisiúnta an LGMA, iarracht le seachadadh a dhéanamh ar an gcaiteachas stoic per capita de €3.77 in aghaidh an duine sa phobal atá molta faoin mbliain 2019.

### 3.6 Clár Cultúir

D'fhoilsigh Seirbhís Leabharlainne Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, **Stráitéis Cultúir 2007-2010**, sa bhliain 2007. D'ullmhaigh an tSeirbhís Leabharlainne an straitéis i gcomhthéacs thuarascáil **Ag Leathnú Amach** na Roinne Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil, a shamhlaigh ról láidir agus cinnte cultúir do sheirbhísí

leabharlanna poiblí. Chuir sé le trí ghné lárnach, sé sin, **Daoine, Áit agus Clár**. Ar na príomhshaincheistean a aithníodh ag an am i Leabharlanna dlr bhí: ag cothromú soláthar staire le riachtanais nua agus riachtanais atá ag teacht chun cinn, clár cultúir leabharlainne ag déanamh comhlánú ar ghníomhaíochtaí eile dlr, baint amach tuiscint i ndáiríre ar riachtanais phobail thart ar sholáthar cultúir agus measúnú a dhéanamh ar shochaí atá ag athrú.

Leag Clár Forbartha Leabharlainne Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin 2010-2013 amach cuspóirí áirithe don tSeirbhís le fócas faoi leith ar fhorbairt caipitil ach i gcomhthéacs forbairt cultúir. Áiríodh ar roinnt de na héachtaí cultúir a baineadh amach:

- Féile Leabhar dlr Ó Chuan go Sliabh
- Sraith dlr *Library Voices*
- Infheistíocht i ríomh-acmhainní
- Scríbhneoirí ar Thréimhse Chónaitheach
- Ag forbairt comhpháirtíochtaí le hinstitiúidí cultúir eile

D'oscail dlr Lexicon, an Lárleabharlann agus an tIonad Cultúir don phobal sa bhliain 2014. Tá an tsaoráid seo ag athrú agus ag tabhairt dúshlán soláthar cultúir sa chontae agus é ag freagairt d'éilimh agus d'ionchais an phobail. Cuireann sé clár cultúir atá saibhir agus éagsúil ar fáil, áit a bhfuil fáilte roimh chách. Déanann dlr infheistíocht i gclár saibhir cultúir a leanann le lucht féachana nua a thabhairt chun timpeallacht na leabharlainne agus tá sé molta i *nDeiseanna do Chách*.



### 3.7 Maoiniú agus Ioncam Leabharlanna

Tá buiséad oibríochta ag Leabharlanna dlr a thagann go díreach ó Chomhairle Chontae DLR le cion beag ioncam (2%) a bhaintear as fineálacha, táillí agus as priontáil.

Buiséad Ioncain glactha:	2014 €	2015 €	2016 €
Oibríochtaí Sheirbhís na Leabharlainne	4,102,900	4,545,800	4,981,400
Ceannach Leabhar, CDanna srl.	476,600	576,600	576,600
<b>lomlán</b>	<b>4,579,500</b>	<b>5,122,400</b>	<b>5,588,000</b>

Tiocfaidh laghdú suntasach ar ioncam Leabharlanna dlr faoin gCóras Bainistíochta Náisiúnta Leabharlainne (LMS) de réir mar a dhéanfar laghdú nó caighdeánú ar tháillí áirithe agus ar ioncam ó tháillí ar fud na tíre. Dá réir sin, breithneofar deiseanna le hioncam a bhaint amach do sheirbhísí a thugann tacaíocht don tSeirbhís Leabharlainne, ar mhaithe lena chinntiú go bhfuil cothabháil á dhéanamh ar sheirbhís agus ar éagsúlacht na méide atá ar tairiscint, nuair is cuí.

Breithneoidh Plean Forbartha na Leabharlainne 2016-2020 an méid seo a leanas:

- Bealaí nua a fhiosrú le sruth ioncam a chruthú
- Táillí a chruthú do ghnéithe áirithe de chlár cultúir
- Ioncam a chruthú ó sheomraí cruinnithe ar cíos agus ón gcarrchlós ag dlr Lexicon
- Lorgóidh Leabharlanna dlr tacaíocht sa chás go mbíonn cuidiú deontais ar fáil ar bhonn náisiúnta nó tríd an AE

### 3.8 Tionscadail Chaipítíl Leabharlainne

Tá infheistíocht shuntasach déanta ag Comhairle Chontae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin le blianta beaga anuas i clár forbartha leabharlainne leanúnach. Rinneadh infheistíocht de thart ar €40m sa tSeirbhís Leabharlainne le linn saolré an phlean deiridh. Chuidigh an infheistíocht seo le feabhas a chur ar an tseirbhís agus cur le pátrúnacht, agus rinne seachadadh ar dlr Lexlcon do Dhún Laoghaire, chomh maith le hathchóirithe ar leabharlanna Ghráinseach an Déin, na Carraige Duibhe agus Stigh Lorgan. Fuarthas cuidiú deontais de €1.1m ón Rialtas Láir. Gineadh an chuid eile den mhaoiniú ó thobhaigh forbartha agus ó dhíolachán sócmhainní na Comhairle. Chuidigh an infheistíocht fhoriomlán seo le cothabháil a dhéanamh ar an tseirbhís agus í a fhás agus a chinntiú go bhfuil líonra Leabharlanna dlr inrochtana, compordach agus go mothaíonn ár bpobail go bhfuil fáilte rompu.



Déanfar tuilleadh infheistíochta i leabharlanna poiblí le linn saolré an phlean forbartha seo. Cuirtear maoiniú ar fáil le haghaidh bainistíocht saoráidí agus le cothabháil a dhéanamh ar fhoirgnimh. Tá clár cothabhála rollach beartaithe.

Ullmhaíonn agus cuireann Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin clár caipítíl 3 bliana faoi bhráid na Comhairle lena cheadú agus aird á tabhairt ar fáil a

bheith ar acmhainní, agus déantar athbhreithniú ar an gclár agus tugtar cothrom le dáta é ar bhonn bliantúil. Déanann an Chomhairle maoiniú ar a clár caipítíl ó réimse foinsí, lena n-áirítear;

- Fáiltais ó thobhaigh forbartha
- Deontas agus maoiniú tríú páirtí
- Maoiniú caipítíl eile ó dhíolachán sócmhainní nó toradh ar infheistíocht

Tá an Chomhairle tiomanta, le linn na tréimhse 2016–2018, do thionscadail chaipítíl a chuireann infrastructúr atá riachtanach ar fáil le héascú a dhéanamh ar fhorbairt sa Chontae, a thugann aghaidh ar easnamh atá léirithe sa phobal agus ar áiseanna taitneamhachta, agus a chuidíonn le treisiú a dhéanamh ar théarnamh geilleagrach agus ar fhostaíocht agus a chinntíonn cothromaíocht réasúnach ar fud an Chontae.

Áirítear na tionscadail Leabharlanna seo a leanas i gclár caipítíl reatha 2016-2018:

- Leabharlann Chábán tSíle – síneadh ar an leabharlann agus mionfheabhsúcháin – críochnaithe in 2016
- Coimpléacs Cathartha Samuel Beckett, Baile Uí Ógáin – feistiú na leabharlainne – tar éis na bliana 2018
- Leabharlann Stigh Lorgan – Staidéar Féidearthachta - €6m ó 2016 – 2018

Tá pleananna tosaigh ann do leabharlanna nua ag Baile Uí Ógáin, Stigh Lorgan agus Coill na Silíní faoi réir ag acmhainní, ar bhonn an fháis reatha agus éilimh atá aitheanta.

Tá céim 1 de Choimpléacs Cathartha Samuel Beckett i mBaile Uí Ógáin beagnach críochnaithe. Tá sé seo ag cur saoráidí pobail agus caitheamh aimsire ar fáil agus táthar ag súil go n-áireoidh céim 2 an leabharlann nua atá beartaithe. Lorgófar cuidiú deontais san áit ar féidir sin a dhéanamh le tacaíocht a thabhairt don phríomhfhorbairt seo.



### 3.9 An méid atá bainte amach ag Plean Forbartha Leabharlainne 2010-2013:

D'aithin Plean Forbartha Leabharlainne 2010-2013 na príomhchuspóirí don tSeirbhís Leabharlainne, le fócas faoi leith ar chlár tógála. Mar atá leagtha amach thuas, rinne Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin infheistíocht shuntasach sa tSeirbhís Leabharlainne, ar éirigh léi cuspóirí agus spriocanna an Chláir a bhaint amach ina dhiaidh sin, agus tháinig fás dá bharr sin ar líon na gcustaiméirí, ar bhallaíocht leabharlainne, agus ar úsáid le linn saolré an Chláir.

#### I. STRAITÉIS AGUS PLEANÁIL

Ceapadh beartas straitéise do Leabharlanna dlr sna doiciméid seo a leanas:

- Straitéis Chultúir 2007-2010
- Straitéis agus Plean Margaíochta 2009-2012
- Beartas Forbartha Bailiúchán 2015
- Plean don Stair Áitiúil 2012-2014
- Plean don Stair Áitiúil 2014-2015
- Treoirlínte maidir le Staidéir Áitiúil 2015-2019

#### II. ÚSÁIDEOIRÍ NA LEABHARLAINNE A CHUMHACHTÚ

- Saoráidí féinseirbhíse tugtha isteach ar fud na seirbhíse iomláin, lena n-áirítear, iasachtaí, leabhair air ais, cianphriontáil agus priontáil go himmheánach, forbairt déanta ar an láithreán gréasáin d'áirithintí, athnuachan agus taighde 24/7. Sa bhliain 2015 b'ionann féinseirbhís agus 71% d'idirbheartaíocht go léir iasachtaithe sna brainsí.
- Ardú curtha ar uaireanta oscailte ó 315 uaire an chloig in 2010 go 368 ag deireadh na bliana 2015
- Fás tréan i mballraíocht leabharlainne ó 55,378 in 2010 go 77,890 faoi dheireadh na bliana 2015
- Infheistíocht in IT. Áiríodh ar sheirbhísí uathoibríoch, soláthar Wifi, PC-anna agus ríomhairí glúine le rochtain ar an Idirlíon don phobal agus uasghrádú soláthar leathanbhanda sna brainsí.

#### III. FORBAIRT AR BHAILIÚCHÁN LEABHARLAINNE

- Leanann DLR le hinfeistíocht a dhéanamh sa Bhailiúchán Leabharlainne
- Beartas Forbartha Bailiúchán ceaptha agus curtha i bhfeidhm
- Léirigh bailiúcháin riachtanais agus leasa phobail DLR
- Thart ar 400,000 mír coinnithe sa bhailiúchán
- Infheistíocht tréan i ríomhacmhainní agus i seachadadh ríomhleabhair
- Infheistíochtaí i mBailiúcháin agus i Seirbhísí Staidéir Áitiúil
- Luach ar airgead: ghlac DLR an ról ceannais i dtairiscint a chur isteach le haghaidh caiteachas comhroinnte do chiste leabhar idir údaráis áitiúla i mBaile Átha Cliath

#### IV. SPÁSANNA LEABHARLAINNE

- Infheistíocht chaipitil ollmhór i:
- Síneadh agus athchóiriú Leabharlann na Carraige Duibhe
- Oibreacha athchóirithe agus tírdhreacha ag Leabharlanna Ghráinseach an Déin agus Deilginis
- Athchóiriú ar Leabharlann Stigh Lorgan agus soláthar saoráidí leithris phoiblí i leabharlanna brainse
- Seachadadh dlr LexIcon Lárleabharlainne agus Ionad Cultúir sa bhliain 2014

Áirítear ar fheabhsúcháin eile, comóradh céad bliain i Leabharlanna Chábán tSile, Dún Droma agus Sheanchille sa bhliain 2013 agus cruthú Ghairdín *Maeve Binchy* i Leabharlann Dheilginse.

## V. CLÁR CAIPITIL LEABHARLAINNE (LE 4 BLIANA ANUAS):

	€
Leabharlann Ghráinseach an Déin	1 million
Leabharlann Stigh Lorgan	300,000
Leabharlann Dheilginse	300,000
Forbairt Dhún Droma	397,000
Infheistíocht ICT	250,000 +
dIrl Lexlcon	37 million
<b>Iomlán:</b>	<b>39 million+</b>

## I. CLÁREAGRÚ CULTÚIR

Leantar le hinfeistíocht shuntasach i gcláreagrú chultúir i DLR:

- Clár cultúir bríomhar ar fud an chontae
- Aithnítear *dIrl Library Voices* mar áis a chuireann rochtain phoiblí ar fáil ar údair idirnáisiúnta
- Seachadadh rathúil déanta ar Féile Leabhar dIrl Ó Chuan go Sliabh
- Ceapadh líon Scríbhneoirí agus Scríbhneoirí Cónaitheacha
- Forbairt ar fhor-rochtana agus ar chomhpháirtíochtaí le hinstiúidí eile



## VII. FORBAIRT FOIRNE

Is díol suntais an tiomantas d'athrú cleachtais oibre:

- Athraíodh uainchláir oibre le bheith ar aon dul le hÚdarás eile i mBaile Átha Cliath agus mar thoradh air sin rinneadh sábháil ar laethanta saor in ionad
- Ardú curtha ar uaireanta oibre faoi chomhaontuithe náisiúnta agus cuireadh le huaire oscailte freisin
- Leis an ngluaiseacht chuig féinseirbhís, bhí an fhoireann tiomanta cur lena gcuid scileanna agus le rannpháirtíocht sa teicneolaíocht
- Baineadh úsáid as PMDS (Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta) mar uirlis rithábhachtach le bearnaí oiliúna a aithint agus le cúrsaí ábhartha a chur ar fáil mar chuid d'Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach

### 3.10 Achoimre

Tháinig fás suntasach agus dearfach ar an tSeirbhís Leabharlainne sa tréimhse 2010 go dtí 2015, agus rinneadh athchóiriú ar roinnt leabharlann ar nós Leabharlann na Carraige Duibhe agus Gráinseach an Déin agus osclaíodh an dIrl Lexlcon íocónach ar ar tugadh breis is 500,000 cuairt sa bhliain 2015. Leanann fás láidir ag teacht ar phátrúnacht agus tá daoine ag súil le níos mó óna gcuid leabharlanna i gcónaí. Tá sé sin ag teacht le treochtaí idirnáisiúnta, áit a bhfuil athrú thar na bearta ag teacht ar ról leabharlanna poiblí. Ní fhéachtar orthu níos mó mar stórtha do bhailiúcháin ach mar ionaid eolais, moil chumarsáide, áiteanna le haghaidh cruinnithe, agus spásanna bríomhar don phobal.

Tá ról lárnach ag leabharlanna poiblí i dtéarmaí forbartha pobail agus cuireann siad spás sábháilte ar fáil, áit a gcuirtear fáilte roimh chách. Ag féachaint chun cinn, tá aghaidh le tabhairt ag Plean Forbartha Leabharlainne do 2016 – 2020 ar líon dúshláin agus deiseanna le freastal ar sholáthar na Seirbhíse amach anseo:

- Oibríocht fhreagrach agus éifeachtúil na leabharlann brainse a bhaint amach agus ag an am céanna leathnú a dhéanamh ar chláir lasmuigh de theorainneacha an fhoirgnimh
- Teagmháil a dhéanamh le daoine, rannpháirtíocht, uilechuimsitheacht shóisialta agus cur i bhfeidhm samhlaigh soláthar seirbhíse eile ar nós comhpháirtíochtaí, ócáidí sealadacha, lasmuigh den láthair nó ar an láthair, agus tuilleadh
- Nuálaíochtaí deartha, teicneolaíochta agus infrastuchtúr atá riachtanach le haghaidh leabharlanna pobail áitiúla san 21ú haois
- Rochtain a chumasú chuig an domhan digiteach agus leanúint le leabhair agus acmhainní priontála a scaipeadh ag an am céanna
- Cur leis an gcumas freastal mar mhoil shibhialta/phobail, agus cóiríocht a chur ar fáil ag an am céanna do raon leathan cláir chultúir, ó chlub leabhair go ranganna idirlín agus oiliúint teicneolaíochta
- Ról leathan mar ionad pobail/cultúir; a bheith níos leithne ná acmhainn eolais, ag teacht chun cinn in imeacht ama le freastal ar riachtanais an phobail áitiúil agus féiniúlacht áitiúil a léiriú
- Ní mór go n-aithneoidh Leabharlanna dlr bealaí le freastal ar éilimh an phobail atá ag dul i méid, agus an chothromaíocht a aimsiú i gceart, i dtéarmaí freastal ar ionchais:
  - Ciúnas agus torann
  - Príobháideach agus sóisialta
  - Acmhainní fisiciúla agus digiteacha
  - Cur le rochtain agus táillí a íslíú
- Le cur i bhfeidhm phlean an fhórsa saothair agus an struchtúr eagraíochtúil a athrú, beidh cur chuige níos sruthlínithe i leith na hoibre. Déanfar cumhachtú ar an bhfoireann trí dhul chun cinn sa teicneolaíocht le feabhas a chur ar sheachadadh seirbhíse

- Ag tabhairt san áireamh an fócas custaiméara níos leithne do leabharlanna, cuirfidh DLR ar chumas na foirne páirt a bheith acu i seachadadh a dhéanamh ar thairiscint níos leithne pobail agus cultúir trí Sheirbhís na Leabharlainne
- Beidh aithint cuspoírí, oiliúint, cumarsáid fheabhsaithe agus comhairliúchán mar thosaíocht

Ag féachaint chun cinn, beidh obair i gcomhar le comhpháirtithe lárnach ó thaobh a chinntiú go mbeidh ar chumas Sheirbhís na Leabharlainne páirt a bheith aici i seachadadh a dhéanamh ar riachtanais agus ar ionchais phobail agus tacaíocht a thabhairt d'aidhmeanna níos leithne na Comhairle a bhaineann le tacaíocht a thabhairt do ghnóthaí agus do chruthú poist, d'fhorbairt pobail agus d'uilechuimsitheacht shóisialta.



## 4 Fís, Misean agus Luachanna

### 4.1 Fís

Is í an fhís uileghabhálach do Chomhairle Chontae DLR ‘Todhchaí níos Fearr a Chruthú dár gContae’. I ndáil leis sin, déanfaidh Leabharlanna dlr iarracht le bheith chun tosaigh agus a bheith ar an gcéad tSeirbhís Leabharlainne Poiblí is fearr sa tír, trí sheirbhís leabharlainne agus cultúir den scoth a chur ar fáil do mhuintir Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.

Is am thar a bheith spreagúil é seo do leabharlanna poiblí na hÉireann agus iad ag déanamh a slí chun cinn laistigh den tsochaí agus ag glacadh lena n-áit i gcroílár a gcuid pobail áitiúla. Cuireann leabharlanna spásanna atá sábháilte agus daonlathach ar fáil don fhoghlaim, do chruthaitheacht, do thaiscéalaíocht agus don nuálaíocht agus cuireann meon féiniúlachta ar fáil do phobail áitiúla.

### 4.2 Misean

daoine a nascadh agus a chumhachtú, smaointe a spreagadh agus tacaíocht a thabhairt d’acmhainneacht an phobail



### 4.3 Luachanna

Beidh sé mar aidhm ag an tSeirbhís Leabharlainne, agus iarracht á dhéanamh aici seachadadh a dhéanamh ar an bhFís, feidhmiú an t-am ar fad de réir na gcroí-luachanna atá comhaontaithe le Comhairle Chontae DLR, na croí-luachanna a threoraíonn ár n-eagraíocht agus an fhoireann:

Cuntasach

Díríte ar an gcustaiméir

Réamhghníomhach

Faoi Threallús ar Shármhaitheas

Airdeallach ar Chostas

Misniúil

Glacann Leabharlanna dlr leis na luachanna seo agus tá sé mar aidhm acu iad a bhaint amach trí:

- Sármhaitheas i seachadadh **cúram custaiméirí** do phatrúin leabharlainne
- **Rochtain do chách** ar sheirbhísí na leabharlainne a chur chun cinn
- Samhlacha nua **seachadadh seirbhíse** a fhiosrú
- Spásanna agus timpeallacht a chruthú ina mbeidh borradh faoi **inspioráid**
- **Acmhainneacht na teicneolaíochta** sa timpeallacht phoiblí a fhiosrú
- Infheistíocht a dhéanamh i bhforbairt leanúnach **bailiúchán leabharlainne** atá saibhir

De réir mar a bhíonn leabharlanna poiblí agus éabhlú agus ag freagairt do riachtanais ár bpobal atá ag athrú de shíor, beidh Leabharlanna dlr tiomanta i gcónaí do chroí-luachanna DLR a thugann tacaíocht do phobal bríomhar.

# 5 Cuspóirí agus Spriocanna Straitéiseacha 2016-2020

## Daoine a Nascadh agus a Chumhachtú

Déanfaidh Leabharlanna dlr iarracht daoine a nascadh trí chláir chultúir agus for-rochtana bríomhar, trí fhoirgnimh phoiblí atá sábháilte a sholáthar agus trí úsáid a bhaint as teicneolaíocht atá ag forbairt. Tá foireann ghairmiúil, oilte againn a thacaíonn le seirbhís den scoth do chustaiméirí.

Tháinig feabhas thar na bearta ar fhoirgnimh leabharlainne le linn saolré an Phlean Forbartha Leabharlainne deiridh, tar éis clár leathan athchóirithe, cuireann siad spásanna atá sábháilte agus compordach ar fáil anois ina bhfuil fáilte roimh chách. Tá bailiúchán leabharlainne atá saibhir ag Leabharlanna dlr agus déanann siad iarracht an bailiúchán sin a chur ar fáil go fisiciúil agus go leictreonach araon. Tá infheistíocht mhór déanta againn i ríomhacmhainní agus leanfaimid orainn ag fiosrú meicníochtaí seachadta seirbhíse nua trí na meáin shóisialta.

## Smaointe a Spreagadh

Tacaíonn Leabharlanna dlr le foghlaim ar feadh an tsaol agus tá iarracht á dhéanamh acu le cultúr cruthaitheachta agus nuálaíochta a fhorbairt. Níl aon teorainneacha ag leabharlanna agus spreagann siad an tsamhlaíocht trí bhailiúchán atá saibhir agus ábhartha agus clár teicneolaíochta atá tarraingteach agus gníomhach a sholáthar. Cuirfimid rochtain ar eolas ar fáil trí theicneolaíocht agus leanfaimid le scileanna digiteach a fhorbairt i gcomhthéacs straitéis dhigiteach na Comhairle.

## Tacaíocht a Thabhairt d'Acmhainneacht an Phobail


Nuair a fhaigheann pobail áitiúla rochtain ar acmhainní atá ar ardchaighdeán, déanann foghlaim, eolas agus taithí cumhachtú orthu; bíonn rath ar an bpobal. Tá Leabharlanna dlr i gcoilár an phobail áitiúil, áit a gcuirtear rochtain ar fáil do chách. Is mian linn cothú a dhéanamh ar chomhoibriú an phobail agus oibreimid leis an gCoiste Forbartha Pobail Áitiúil lena



bhaint amach. Déanann an próiseas maidir le cláir cultúir comhlánú ar an leabharlann fisiciúil agus téann thar theorainneacha na bhfoirgneamh.

Is í an aidhm seachadadh a dhéanamh sa chomhthéacs áitiúil ar théamaí uileghabhálach beartas náisiúnta na Straitéise *Deiseanna do Chách*, eadhon Forbairt Gheilleagrach, Comhtháthú Sóisialta agus Cruthaitheach agus Féiniúlacht Chultúir.

- Díreoidh Leabharlanna dlr ar thacaíocht a thabhairt **d'Fhorbairt Gheilleagrach** trí rochtain a sholáthar ar eolas atá ar ardchaighdeán agus trí chur le scileanna na foirne sa phróiseas. Cuirfimid le hacmhainneacht le tacaíocht gnó agus jabscileanna a sholáthar.
- Oibreoidh Leabharlanna dlr le pobail áitiúla le **Comhtháthú Sóisialta agus Cruthaitheach** a spreagadh agus cur le saincheisteanna maidir le caighdeán saoil. Éilíonn sé seo bealaí nua agus bealaí spreagúla maidir le tabhairt faoi obair. Cuireann Leabharlanna spásanna fáilteach ar fáil le go n-úsáideadh patrúin iad, go fíorúil agus sna pobail áitiúla. Fiosróidh Leabharlanna dlr an deis le seachadadh a dhéanamh ar 'Leabharlanna Oscailte'. (*féach Aquisín 2*)
- Tá sé léirithe ag patrúin trí shuirbhéanna agus cártaí tuairime, go bhfuil siad ag iarraidh spásanna inrochtana, atá compordach agus sábháilte le cuairt a thabhairt orthu ar mhaithe le hobair, staidéar agus pléisiúr. Tabharfar faoi mheastóireacht ar riachtanais den sórt sin ar bhonn rialta agus leanfar le fiosrú a dhéanamh ar bhealaí nua le seachadadh a dhéanamh ar an tseirbhís.
- Déanfaidh Leabharlanna dlr fiosrú ar **Fhéiniúlacht Chultúir** trí chláir agus imeachtaí forbartha éagsúla agus trí rochtain a chruthú ar na bailiúcháin shaibhir atá á gcoimeád go sábháilte don phobal. Oibreoidh Leabharlanna dlr ar chlár imeachtaí Cultúir le comhpháirtithe le tacaíocht i mbaint amach na gcuspóirí sin a chinntiú.



Spriocanna agus Cuspóirí	
<p><b>SPRIOC 1</b>  <b>DAOINE A NASCADH AGUS A CHUMHACHTÚ</b></p> <p>1.1. Infrastruchtúr caipitil                      1.2 Soláthar seirbhíse                      1.3 Bailiúcháin agus acmhainní                      1.4 Forbairt an fhórsa saothair                      1.5 Teicneolaíocht agus an leabharlann fhíorúil  <i>(Digital First)</i></p>	<p><b>SPRIOC 3</b>  <b>AG TABHAIRT TACAÍOCHTA D'ACMHAINNEACHT AN PHOBAIL</b></p> <p>3.1 Cultúr agus pobal                      3.2 Cláir agus acmhainní tacaíochta seirbhíse                      3.3 Comhoibriú, comhpháirtíocht agus cur chun cinn                      3.4 Margaiócht agus cumarsáid</p>
<p><b>SPRIOC 2</b>  <b>SMAOINTE A SPREAGADH</b></p> <p>2.1 Infheistíocht i scileanna foghlama agus i bhfiontar áitiúil                      2.2 Taighde agus nuáil</p>	

## SPRIOC 1 DAOINE A NASCADH AGUS A CHUMHACHTÚ

Tá pobal úsáideoirí atá casta agus ag athrú ag baint úsáide as an tSeirbhís Leabharlainne, agus iad sin go léir ag déanamh éilimh ar na hacmhainní atá ar fáil. Is í an aidhm, ag féachaint chun cinn, a chinntiú go gcuireann an tSeirbhís Leabharlainne agus na hacmhainní atá ann an deis ar fáil le daoine a nascadh agus a chumhachtú lena lánacmhainneacht a bhaint amach. Tá líon príomhghníomhartha leagtha amach thíos le tacaíocht a thabhairt do bhaint amach na sprice seo.



Aidhm/ Gníomh	Toradh Beartaithe / Inseachadta	Cur i bhfeidhm
<b>1.1 Infrastruchtúr Caipitil</b>		
Leabharlann Chábán tSile	Tá dhá shíneadh nua aon stór le cur le cúl na leabharlainne le cóiríocht a chur ar fáil do shaoráidí inrochtana leithris, ionad friothála ar naíonáin agus d'fhoireann oifige nua.	2016
Leabharlann Dhún Droma	Uasghrádú cothabhála ginearálta in 2016. Beart scóipeála faoin mbliain 2020, faoi réir ag acmhainní, le hathbhreithniú agus breithniú a dhéanamh ar riachtanais seirbhíse amach anseo.	2020
Leabharlann Stigh Lorgan	Táthar le tabhairt faoi staidéar féidearthachta do leabharlann nua mar chuid de phleananna níos leithne do Stigh Lorgan.	Idir 2016 agus 2018
Baile Uí Ógáin	Tá leabharlann nua beartaithe mar chuid de Chéim 2 de Choimpléacs Cathartha Samuel Beckett	Faoi réir ag na pleananna a bheith ceadaithe
Coill na Silíní	Tá leabharlann nua beartaithe mar chuid d'fhorbairt fhoriomlán i gCoill na Silíní	Faoi réir ag pleananna a theacht chun cinn lena gceadú agus faoi réir ag acmhainní

1.2 Soláthar Seirbhíse	Toradh Beartaithe/Inseachadta	Cur i bhfeidhm
Uaireanta Oscailte	Athbhreithniú a dhéanamh ar uaireanta oscailte agus measúnú a dhéanamh ar an acmhainneacht freastal ar riachtanais custaiméirí d'uaireanta oibre níos faide, lena n-áirítear a bheith oscailte ag am lón agus ar an Domhnach	2016
Samhlacha nua seachadta seirbhíse	Iniúchadh a dhéanamh ar shamhlacha nua seachadta seirbhíse ar nós samhail na Leabharlainne Oscailte agus leas a bhaint as acmhainneacht iomlán na Leabharlainne Fíorúil	Ag leanúint ar aghaidh
Uileghabhálacht	Uileghabhálacht a chur chun cinn trí chomhpháirtíocht le príomhghceallsealbhóirí	Ag leanúint ar aghaidh
Ballraíocht do Leanaí	Páirt a ghlacadh sa phlean Libraries Ireland le clárú uathoibríoch ballraíochta a sholáthar do gach leanbh faoin mbliain 2017	2017
Ballraíocht Uilíoch	Rannpháirtíocht i soláthar córas ballraíochta uilíoch	Ag leanúint ar aghaidh
'An Ceart chun Cumais Léitheoireachta'	A bheith mar sheaipín don "Cheart chun Cumais Léitheoireachta" de réir an mholta i <i>nDeiseanna do Chách</i>	2017
<b>1.3 Bailiúcháin agus Acmhainní</b>		
Bailiúchán Leabharlainne	Soláthar a chinntiú do bhailiúchán saibhir leabharlainne atá inrochtana do chách, go fisiciúil agus go for-rochtana araon.	Ag leanúint ar aghaidh
Ríomh-acmhainní	Ríomh-acmhainní inrochtana a sholáthar (leabhair, tréimhseacháin, closleabhair, nuachtáin, foghlaim teanga, cúrsaí ar líne agus uirlisí tagartha eile) trí láithreán gréasáin na leabharlainne.	Ag leanúint ar aghaidh



<b>Staidéir Áitiúil</b>	Infheistíocht a dhéanamh i mbailiúcháin Staidéir Áitiúil agus é a dhéanamh inrochtana trí thionscadail digitithe a fhiosrú.	Ag leanúint ar aghaidh
<b>Ardú ar chaiteachas per capita</b>	An sprioc maoinithe stoic per capita a bhaint amach atá aitheanta ag an nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (€3.77)	2019
<b>1.4 Forbairt Lucht Saothair</b>		
<b>Samhlacha nua oibre</b>	Tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt leanúnach fhoireann na leabharlainne trí shamhlacha nua oibre a fhiosrú.	2016 agus ina dhiaidh sin
<b>Plean don Fhórsa Saothair</b>	Plean don Fhórsa Saothair a chur i bhfeidhm ag teacht le treoirlínte náisiúnta agus le beartas DLR	2016
<b>CPD</b>	Tacaíocht a thabhairt d'Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach don fhoireann	Ag leanúint ar aghaidh
<b>1.5 Teicneolaíocht agus an Leabharlann atá i mbéal forbartha</b>	Teicneolaíocht dhigiteach agus shoghluaiste a fhiosrú, leas a bhaint aisti agus infheistíocht a dhéanamh inti.	Ag leanúint ar aghaidh

## SPRIOC 2 SMAOINTE A SPREAGADH:

Tacóidh Leabharlanna dlr le cur chun cinn eacnamaíochta le linn saolré an plean seo, tar éis an bheartais náisiúnta i *nDeiseanna do Chách*.



<b>Aidhm/Gníomh</b>	<b>Gníomh Beartaithe/Inseachadta</b>	<b>Cur i bhfeidhm</b>
<b>2.1 Infheistíocht a dhéanamh i scileanna foghlama agus frontair áitiúil trí chur chuige comhoibríoch</b>	Idirchaidreamh a dhéanamh leis an Oifig Fiontair Áitiúil le measúnú a dhéanamh ar acmhainneacht agus le tacaíocht a thabhairt d'fhiontair i DLR.	Ag leanúint ar aghaidh
<b>2.2 Taighde a dhéanamh agus bealaí nuálacha a aimsiú le cláir a sheachadadh</b>	Cothú a dhéanamh ar chomhpháirtíochtaí le príomhghceallsealbhóirí agus fiosrú a dhéanamh ar bhealaí nua i ndáil le seirbhísí a sheachadadh, go fisiciúil agus go fóirúil araon.	Ag leanúint ar aghaidh

### GOAL 3. SUPPORTING COMMUNITY POTENTIAL

Tá caighdeán saoil agus léiriú cultúir ag leibhéal áitiúil mar phríomhthosaíochtaí ag Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, mar atá léirithe sa Phlean Corparáideach DLR 2015-2019. Aithnítear leabharlanna i *nDeiseanna do Chách* mar fhócas do cheiliúradh a

dhéanamh ar chultúr agus ar chruthaitheacht áitiúil agus náisiúnta. Féachtar ar an leabharlann mar spás cultúir, áit teacht le chéile do dhaoine agus do smaointe araon, a chruthaíonn deiseanna le feabhas a chur ar shaol an phobail.

Aidhm/Gníomh	Toradh Beartaithe/Inseachadta	Cur i bhfeidhm
<b>3. Cultúr agus Pobal</b>		
Tionscnaimh maidir le clár eagrú áitiúil	Leanúint le tionscnaimh a éascú ar nós na Scéime <i>Babies Love Books</i> , Laethanta Spraoi do Theaghlaigh, Clár Saotharlainne Lexlcon, imeachtaí Scríbhneora ar Thréimhse Cónaitheach agus Léitheora ar Thréimhse Cónaitheach, srl.,	Ag leanúint ar aghaidh
An pobal a éascú	Cur ar chumas leabharlanna a bheith mar éascaitheoir lárnach riachtanais oideachais, caitheamh aimsire, cultúir agus eolais an phobail.	Ag leanúint ar aghaidh
<b>3.2 Clár eagrú agus acmhainní tacaíochta seirbhíse</b>		
Clár eagrú	Clár eagrú atá nuálach agus cruthaitheach a sheachadadh a fhreagraíonn do riachtanais an phobail, lena n-áirítear, daoine nach bhfuil ina mbaill den leabharlann	Ag leanúint ar aghaidh
Deiseanna foghlama trialach	Deiseanna foghlama trialach a chruthú do phobail áitiúil, lena n-áirítear <i>Digital First</i>	2016-2020
<b>3.3 Comhoibriú, comhpháirtíocht &amp; cur chun cinn</b>		
Fiontair nua comhoibríoch	Samhlacha nua seachadta seirbhíse a fhiosrú ar nós Glaoch amach do Chleachtóirí Cruthaitheach le hardchaighdeán agus cruthaitheacht a chinntiú	2016 agus 2017
Comhpháirtíochtaí	Úsáid a bhaint as caidreamh oibre laistigh den DLR agus le príomhghceallsealbhóirí lasmuigh	Ag leanúint ar aghaidh

<b>Fiontar</b>	Cothú a dhéanamh ar chultúr fiontraíochta i gcomhar leis an Oifig Fiontair Áitiúil (LEO)	2016 agus 2017
<b>Comhpháirtíochtaí Acadúla</b>	Dul i gcomhpháirtíocht le UCD ar thionscadail comhleasa oideachais, cartlainne agus digitíú	2016-2020
<b>Córas Bainistíochta Leabharlainne</b>	Rannpháirtíocht i leathadh amach an Chórais Bainistíochta Leabharlainne	2016 agus 2017
<b>Forbairt Pobail Áitiúil</b>	Oibriú leis an gCoiste Forbartha Pobail Áitiúil (LCDC) le rannpháirtíocht an phobail a neartú	Ag leanúint ar aghaidh
<b>3.4 Margaíocht agus Cumarsáid</b>		
<b>Poiblíocht áitiúil agus náisiúnta</b>	Acmhainneacht Poiblíochta a fhiosrú do leabharlanna i gcomhthéacs tionscnaimh beartais áitiúil agus náisiúnta	2016 agus 2017
<b>CRM</b>	Rannpháirtíocht le Córas Bainistíochta don Chaidreamh le Custaiméirí DLR	Ag leanúint ar aghaidh
<b>Citizen Space</b>	Úsáid a bhaint as <i>Citizen Space</i> – mol comhairliúcháin poiblí ar líne an DLR	2016-2020
<b>Úsáideoirí nach baill den leabharlann iad</b>	Buntáistí Sheirbhís na Leabharlainne a chur chun cinn d'úsáideoirí nach baill den leabharlann iad	Ag leanúint ar aghaidh




## 6 Cur i bhFeidhm agus Monatóireacht

Leanfaidh Leabharlanna dlr le teacht chun cinn le linn saolré an Phlean Forbartha seo agus le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le freagairt do riachtanais athraitheach phátrúin na leabharlainne.

Rinneadh an straitéis seo a ullmhú i gcomhthéacs Phlean Corparáideach 2015-2019 DLR agus chuir beartais rialtais eolas ar fáil don phlean. Tá Leabharlanna dlr cuntasach trí Phlean Seachadta Seirbhíse Bliantúil, Tuarascálacha Bainistíochta agus próiseas buiséadach DLR. Déanfaimid monatóireacht ar dhul chun cinn trí tháscairí feidhmíochta náisiúnta agus tríd an gCoimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta.

Tuairiscíonn Leabharlanna dlr do Choistí Ceantair Dhún Droma agus Dhún Laoghaire. Táimid cuntasach freisin don Choiste um Bheartais Straitéiseacha Forbartha Pobail, Cultúir agus Aosú.

Rachaidh Leabharlanna dlr i gcomhairle ar bhonn rialta le pobail áitiúla, mar atá léirithe sa Phlean, agus cinnteoidh go bhfuil an tSeirbhís Leabharlainne ag tabhairt freagra ar riachtanais áitiúil. Déanfar athbhreithniú ar an bplean seo ar bhonn rialta agus cuirfidh Leabharlanna dlr leis an misean, sé sin, **daoine a nascadh agus a chumhachtú, smaointe a spreagadh agus tacaíocht a thabhairt d'acmhainneacht an phobail.**



# Aguisíní

## AGUISÍN 1. SEIRBHÍSÍ LEABHARLAINNE

### Bailiúchán Leabharlainne

Leabhair, closleabhair, nuachtáin, CDnna ceoil, *Playaways*, bileoga ceoil, tréimhseacháin, DVDnna, cluichí, cúrsaí teanga, leabhair phictiúir, *Barrington Stoke Readers*, *Adult Quick Reads* agus dé-theacs.

### Bailiúchán Speisialta

- Ábhar Staidéir Áitiúil
- Bailiúchán Scoile / sraitheanna seomra ranga / sraitheanna Club Leabhar / blociasachtaí, srl.
- Seirbhís Iasachta idir Leabharlanna
- Seirbhís Leabharlainne Baile

### Seirbhísí Speisialtachta Leabhar

- Clubanna leabhar
- Scríbhneoireacht chruthaitheach
- Moltaí maidir le léitheoireacht

### Teicneolaíocht

- Cianáirithint pc
- Catalóg ar líne
- Déan bainistíocht ar do chuntas leabharlainne féin
- Cianphriontáil chuig an leabharlann
- Rochtain PC agus ríomhaire glúine
- Priontáil 3D
- Doiciméid a scanadh

### Spásanna Fisiciúla

- Spásanna cathartha inrochtana do chách
- Seomra ceoil (tá pianó agus cláirseach ar fáil i Leabharlann Dheilginse)
- Seomraí cruinnithe (An Charraig Dhubh, Gráinseach an Déin agus Lexlcon)
- Spásanna staidéir (seiceáil spás i leabharlanna áitiúil)
- Spásanna taispeántais
- Spásanna taispeántais Lexlcon
- Stiúideo i Lexlcon / spás téatair 125-suíochán

### Seirbhísí eile

- Fótachóipeáil
- Cláir fógraí pobail
- Eolas maidir leis an Rialtas agus leis an gComhairle

### Ríomh-acmhainní (cianrochtain)

- Ríomhleabhair agus ríomh-chlosleabhair is féidir a íoslódáil
- Nuachtáin idirnáisiúnta ar líne
- Irisí ar líne
- Podchraoltaí de shraith *dlr Library Voices*
- Foclóir *Irish Biography*, *Encyclopaedia Britannica*, *Borrowbooks*, *AskaboutIreland*
- Foghlaim Teanga
- Cúrsaí oideachais ar líne

### Inrochtana Laistigh de na Brainsí

- Cartlann Nuachtán na hÉireann
- *Irish Times*
- Léarscáileanna OSI
- JSTOR
- RIAN

**Imeachtaí leanúnacha i go leor brainsí:**

- Clubanna leabhair, scéalaíocht, seisiúin neamhfhoirmiúla malartaithe teanga, grúpaí tuismitheora agus lapadán, grúpa amharclainne, scríbhneoireacht chruthaitheach, ranganna ríomhaireachta, clubanna *Scrabble*, clubanna fichille.
- Club Leabhar Gaeilge (Dún Droma agus Lexlcon)
- Club Leabhar do Leanaí (Stigh Lorgan, an Charraig Dhubh agus Deilginis)
- *Musical Memories* (Gráinseach an Déin)
- Líonra Fiontar (Gráinseach an Déin)

**AGUISÍN 2. LEABHARLAINNA OSCAILTE**

Tugann Leabharlanna Oscailte, seirbhís nuálach, an tsaoirse do bhaill úsáid a bhaint as an leabharlann ag na hamanna is fearr a oireann dóibh.

Rinneadh píolótú go rathúil, sa bhliain 2014, ar thionscnamh na Leabharlanna Oscailte i líon leabharlanna ar fud na tíre, a chuireann seirbhís oscailte seacht lá na seachtaine ó 8.00 am go 10.00pm ar fáil. Tá leibhéil foirne agus uaireanta oscailte mar a chéile, agus níl aon fhoireann curtha ar fáil do na huaireanta breise.

Tá ar chumas úsáideoirí, le linn na n-uaireanta breise, rochtain a fháil ar an leabharlann trí chóras uathoibríoch agus úsáid á bhaint acu as a gcárta ballraíochta agus PIN údaraithe. Tá seirbhísí leabharlainne ar fáil don phobal ar bhonn féinseirbhíse, ar nós míreanna a fháil ar iasacht agus a thabhairt ar ais, úsáid an idirlín trí PC-nna na leabharlainne nó trí Wifi agus úsáid á bhaint acu as a gcuid gaireas féin, brabhsáil, príontáil, fótachóipeáil, staidéar aonair agus gníomhaíochtaí pobail agus cruinnithe. Leanfaidh foireann na leabharlainne ar aghaidh le sainseirbhísí agus seirbhísí breise a sholáthar, tabharfaidh siad tacaíocht d'úsáideoirí agus déanfaidh siad forbairt ar rannpháirtíocht sa phobal agus ar chláreagrú ag amanna sceidealaithe.

Tá sé soiléir go bhfuil an cumas ag na Leabharlanna Oscailte athrú ó bhun a chur úsáid agus ar luach na seirbhísí agus an spás sibhialta a chuireann na húdaráis áitiúla ar fáil don phobal agus aghaidh thabhairt ag an am céanna ar riachtanais an phobail. Tá córas na Leabharlanna Oscailte seanbhunaithe i leabharlanna poiblí ar fud na Danmhairge, bhí an córas curtha ar fáil i 180 leabharlann faoin mbliain 2013. Tá sé léirithe ag an taithí Danmhairgach go dtarraingíonn leabharlanna a bheith oscailte le linn uaireanta níos faide raon leathan custaiméirí agus bhí ardú suntasach san úsáid a bhain an t-aoisghrúpa 35–55 as an gcóras sa tráthnóna.

## AGUISÍN 3. STOC NA LEABHARLAINNE, MÍ NA SAMHNA 2015

	AN CHARRAIG Dhubh	CÁBÁN tSÍLE	DEILGINIS	GRÁINSEACH AN DÉIN	STÓB LEABHAR	STÓB FICSIAN DLR	DLR LEXLCON	PRÍOMHOIFIG LEABHARLAINNE	STAIDEIR ÁITIÚIL	DÚN DROMA	SEANCHILL	STIGH LORGAN	MÓR IOMLÁN
Ficsean do Dhaoine Fásta	6022	4227	5066	8703	169	2672	17605	936	0	7547	5115	8331	67250
Neamhfhicsean do Dhaoine Fásta	8905	5621	7353	11041	17544	457	20550	176	55	10650	5377	13525	104484
Leabhair Thagartha do Dhaoine Fásta	339	374	257	661	937	41	478	702	15	666	258	482	5248
Ficsean do Leanaí	6322	6621	5740	10920	44	526	17210	815	1	10792	4683	9298	72991
Neamhfhicsean do Leanaí	2141	2340	2809	3569	38	28	6804	47		5013	1573	4535	28904
Ficsean do Dhaoine Lánfhásta	833	831	732	1357	3	12	4258	95	0	1243	740	1388	11496
Neamhfhicsean do Dhaoine Lánfhásta	26	63	34	71	0	0	121	1	0	61	44	94	515
Sraitheanna Seomra Ranga	0	0	0	0	0	0	1	5197	0	0	0	0	5198
CD_ROM	22	14	27	28	0	0	16	5	0	41	12	40	251
Scannán	2756	2173	2290	4017	41	1	7825	47	2	3192	2306	3452	29076
Gaeilge	243	363	410	396	419	13	1244	16	2	645	222	427	4432
Cluichí	105	312	41	371	2	0	517	3	0	335	81	409	2176
Cúrsaí Teanga	96	86	68	105	0	0	129	3	0	87	52	157	842
Litearthacht	24	63	20	120	2	1	100	0	0	96	68	139	634
Staidéir Áitiúil	44	20	17	8	50	1	32	62	8760	86	60	71	9212
Léarscáileanna	77	40	8	26	4	1	110	3	0	21	15	6	394
Cdnna Ceoil	930	887	466	1622	3	4	2389	8	0	1122	1278	1122	9837
Scóir Cheoil	0	0	2	0	7	0	615	1	0	0	0	1	626
Leabhair Labhartha	834	867	812	1688	22	70	2832	50	0	1474	753	1911	11383
Móiriomlán	29719	24902	26152	44703	19285	3827	82836	8167	8835	43071	22637	45388	364949

## AGUISÍN 4. STRUCHTÚR OIBRÍOCHTA

	Líon Foirne	Uaireanta Oscailte Seachtainiúil	Nótaí
An Charraig Dhubh	4	37.5	
Cábán tSile	3	30	
Deilginis	4	37.5	
Gráinseach an Déin	6	49	
dlr Lexlcon	16	57	
Dún Droma	6	48	
Seanchill	3	30	
Stigh Lorgan	6	49	
Príomhoifig na Leabharlainne	31		Áiríonn figiúr na príomhoifige linn faoiseamh de 10 mball foirne
Foireann Tacaíochta	10		Áirítear tiománaí veain agus lucht glanta leabharlainne
<b>Iomlán</b>	<b>89</b>	<b>338</b>	

Tá na figiúirí go léir ceart amhail 31/12/15

## AGUISÍN 5. BALLRÁIOCHT AGUS EISIÚINTÍ LEABHARLANNA DLR 2010 GO 2015

BLIAIN	BALLRÁIOCHT	EISIÚINTÍ
2010	55,378	1,385,153
2011	57,957	1,356,036
2012	57,007	1,378,989
2013	59,005	1,423,010
2014	62,707	1,426,680
2015	77,890	1,402,557

## AGUISÍN 6. PESTLE

### PESTLE

*Polaitiúil, Geilleagach, Sóisialta, Teicneolaíocht, Dlíthiúil, Timpeallacht*

Soláthraíonn **PESTLE** an creat atá riachtanach do phleanáil straitéiseach. Cuireann na gnéithe atá aitheanta faoin bpróiseas seo comhthéacs ar fáil agus léiríonn sé tuiscint ar thimpeallacht dhinimiciúil ina bhfuilimid ag feidhmiú.

POLAITIÚIL	GEILLEAGAR	SÓISIALTA	TEICNEOLAÍOCHT	DLÍTHIÚIL	TIMPEALLACHT
<ul style="list-style-type: none"> <li>An tAcht Rialtais Áitiúil, 2001</li> <li>An tAcht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014</li> <li>40 ball tofa</li> <li>Plean um Athchóiriú na hEarnála Poiblí 2011</li> <li>Comhaontuithe Pháirc an Chrócaigh agus Bhóthar Haddington</li> <li>Cáin Mhaoine Áitiúil</li> <li>Deiseanna do Chách: Straitéis do Leabharlanna Poiblí 2013-2017</li> <li>Plean Forbartha Contae 2010-2016 agus 2016-2022</li> <li>Plean Corparáideach Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin 2015-2019</li> <li>Clár Chaipitil Bhliantúil Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin</li> <li>Struchtúr inmheánach nua i gComhairle Chontae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin</li> <li>Riomhsheirbhísí an Rialtais</li> <li>Gluaiseacht Idirnáisiúnta daonra</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Téarnamh geilleagach</li> <li>Ag dul in iomaíocht le tosaíochtaí Údarás Áitiúla eile</li> <li>Níos mó daoine ag obair ón mbaile/ patrúin oibre atá ag athrú</li> <li>Bunú LEO (an Oifig Fiontair Áitiúil) agus (LCDC) Coiste Forbartha Pobail Áitiúil</li> <li>Clár jabscileanna</li> <li>Fiontraíocht</li> <li>Infrastruchtúr teicneolaíochta</li> <li>Seirbhísí Comhroinnte</li> <li>Geilleagar domhanda</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Próifil déimeagrafaíochta</li> <li>Daonra atá ag dul in aois</li> <li>Inrochtaineacht</li> <li>PPN(Líonra Rannpháirtíochta Pobail)</li> <li>Spás Saoránach Mol Comhairliúcháin Poiblí</li> <li>An leabharlann mar spás pobail atá uilechuimsitheach go sóisialta agus spás cruinnithe</li> <li>Foghlaim ar feadh an tSaoil</li> <li>Mol eolais don phobal</li> <li>Stór d'fhéiniúlacht áitiúil agus d'fhéiniúlacht stairiúil</li> <li>Uaireanta solúbtha oibre</li> <li>Teaghlach óga</li> <li>Riachtanais mic léinn</li> <li>Clár cultúir</li> <li>CRM (Bainistíocht Caidreamh Custaiméirí)</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Ról na Leabharlainne Poiblí mar chatalaíoch do litearthacht dhigiteach</li> <li>Tionscnamh Cathracha Cliste</li> <li>Rochtain Idirlin Poiblí</li> <li>Teicneolaíochtaí Móibileach</li> <li>Wifí</li> <li>Líonrú sóisialta agus na meáin</li> <li>Ríomhleabhair agus ríomhléitheoirí</li> <li>Teicneolaíocht cluichíochta</li> <li>Cruthaitheacht pobail</li> <li>Cleachtais oibre sruthlínithe</li> <li>Cur le scileanna na foirne</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Treoracha agus staitisticí LGMA</li> <li>Caighdeán agus Tagarmharcanna Náisiúnta do Leabharlanna Poiblí</li> <li>LMS Náisiúnta (Córas Bainistíochta Leabharlainne)</li> <li>Cuntasacht</li> <li>Táscairí Seirbhíse</li> <li>PMDS (Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta )</li> <li>FOI (Saoráil Faisnéise)</li> <li>Cosaint Sonraí</li> <li>Plean Náisiúnta Fórsa Saothair</li> <li>NOAC (An Coimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta )</li> <li>Treoirlínte Náisiúnta Fála</li> <li>Dlíthe um Pleanáil Reachtúil</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Sócmhainní nádúrtha</li> <li>Líonra iompair</li> <li>Gaireacht do Chathair Bhaile Átha Cliath</li> <li>Láithreacha agus ceantair leabharlainne</li> <li>Timpeallacht Fhíoriúil</li> <li>Tionscnaimh Fuinnimh</li> </ul>



## AGUISÍN 7 LIOSTA COMHAIRLÍ

- Foireann na Leabharlainne trí ghrúpa oibre agus suirbhé
- Baill an Ghrúpa Oibre: Jonathan Duggan, Claire Lyons, Jessica McCarry, Geraldine McHugh, Mairéad Owens, Geraldine Whyte; le tacaíocht ó Ciara Jones, Marian Keyes agus Eithne Prout
- Forbairt Pobail, Coiste um Bheartais Straitéiseacha Forbartha Pobail, Cultúir agus Aosú
- Daoine den phobal trí shuirbhé idirlín agus dhá chomhairliúchán phoiblí

Grianghrafadóireacht: Le buíochas do Peter Cavanagh, Jason Clarke Photography, Sean Downes, Dennis Gilbert, Ger Holland, Ros Kavanagh, Susan Lynch agus Donal Murphy

## PLEANANNA AGUS BEARTAIS ÁITIÚIL

<http://www.dlrcoco.ie>

- Beartas Forbartha Ealaíona 2011-2014 Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin
- Plean Corparáideach Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin 2015-2019
- Plean Forbartha Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin 2016-2022
- Plean Oidhreachta Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin 2013-2019
- Clár Forbartha Leabharlanna dlr 2010-2013
- Beartas Forbartha Bailiúchán Leabharlanna dlr 2015
- Plean do Stair Áitiúil Leabharlanna dlr 2012-2014
- Plean do Stair Áitiúil Leabharlanna dlr 2014-2015
- Treoirinte Staidéir Áitiúil Leabharlanna dlr 2015-2019
- Straitéis Chultúir Leabharlanna dlr 2007-2010
- Straitéis agus Plean Margaíochta Leabharlanna dlr 2009-2012
- Pleananna Ceantair Áitiúil agus Creatphleananna Uirbeacha

## LEABHARLIOSTA

- *Camden Council (2015) Camden Future Libraries Consultation 2014-2018.* <https://consultations.wearecamden.org/culture-environment/camden-future-libraries-1-1>
- *Chicago Public Library (2014). "Chicago Public Library 2015-2017 Strategy: Building the Library of the Future".*

<https://chicago.bibliocommons.com/wp-content/uploads/sites/3/2016/04/CPL-strategy.pdf>

- Suirbhéanna Poiblí & Foirne Leabharlann Chathair Chorcaí
- Leabharlann agus Seirbhís Ealaíona Chontae Chorcaí (2014). *"PERSPECTIVES: Plean Forbartha Leabharlainne 2014-2019"*. <http://www.corkcoco.ie/co/pdf/864377489.pdf>
- *Corporation of the City of Greater Sudbury (2010). "Library Services Strategic Plan 2011-2015"*. <http://www.greatersudbury.ca/sudburyen/assets/File/CDD6%20-%20Library%20Strat%20Plan.pdf>
- An Roinn Coimisce Sóisialaí (2007). *"An Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Chuimsiú Sóisialta 2007-2016"*. <http://www.socialinclusion.ie/documents/NAPinclusionReportPDF.pdf>
- An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (2014). *"An Creat Polasaí Náisiúnta do Leanaí 2014 - 2020"*. [http://www.dcy.gov.ie/documents/cypp\\_framework/BetterOutcomesBetterFutureReport.pdf](http://www.dcy.gov.ie/documents/cypp_framework/BetterOutcomesBetterFutureReport.pdf)
- An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (2012). *Tús Áite do na Daoine: Clár Gníomhaíochta um Rialtas Áitiúil Éifeachtach*. [http://www.labour.ie/download/pdf/putting\\_people\\_first.pdf](http://www.labour.ie/download/pdf/putting_people_first.pdf)
- An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil (1998) *Branching Out: A New Public Library Service*. Baile Átha Cliath : DOEHLG
- An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil (2008) *Ag Leathnu Amach: Treoracha sa Todchaí*. Baile Átha Cliath: DOEHLG
- An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais (2013). *"National Disability Strategy Implementation Plan 2013-2015"*. [http://www.justice.ie/en/JELR/NDS\\_ImplementationPlan\\_FINAL.pdf/Files/NDS\\_ImplementationPlan\\_FINAL.pdf](http://www.justice.ie/en/JELR/NDS_ImplementationPlan_FINAL.pdf/Files/NDS_ImplementationPlan_FINAL.pdf)
- Clár Reachtanna na hÉireann (2014). *"An tAcht um Athchóiriú an Rialtais Áitiúil 2014"*. <http://www.irishstatutebook.ie/eli/2014/act/1/enacted/en/html>
- LGMA (2013). *"Deiseanna do Chách: Straitéis do Leabharlanna Poiblí 2013-2017"*. Baile Átha Cliath: DOEHLG
- *Scottish Library and Information Council (2015). "Ambition and Opportunity: A strategy for Public Libraries in Scotland 2015-2020"*. <http://scottishlibraries.org/wp-content/uploads/2015/01/Strategy.pdf>
- Leabharlanna UCD (2011). *"UCD Library Annual Plan 2014-2015"*. <https://www.ucd.ie/t4cms/Guide48.pdf>

## AGUISÍN 8. SUIRBHÉ POIBLÍ - ACHOIMRE

Saincheisteanna a ardaíodh:

- **Uaire Oscailte**  
D'iarr na freagróirí gur chóir go gcuirfidh leis na huaireanta oibre ar mhaithe le hoscailt ar an Domhnach, oscailt dheireanach sa tráthnóna agus ag am lóin. Éileoidh go n-osclofaí ar Laethanta Saoire Banc freisin.
- **Spásanna Pobail - Imeachtaí Cultúir**  
D'aithin freagróirí ról na leabharlann áitiúil mar mhol pobail. D'éiligh siad níos mó am scéalaíochta, tuilleadh clubanna leabhair agus imeachtaí tráthnóna.
- **Leagan amach Foirgnimh / criosú**  
Aithníodh leibhéal torainn mar shaincheist i leabharlanna áitiúla. D'éiligh freagróirí níos mó comharthaíochta agus rochtain ar leithris phoiblí freisin.
- **Bailiúchán Leabharlainne**  
Cuireadh iarratais ar aghaidh freisin le haghaidh bailiúchán níos mó ríomhleabhair agus iad a bheith níos inrochtana. D'éiligh na freagróirí níos mó ficsean, níos mó ábhar do dhaoine óga, agus níos mó leabhair IT. Chuir siad tuairimí faoi bhráid freisin maidir le conas ba chóir dúinn an bailiúchán a eagrú.
- **Wifi, Ranganna Idirlín, Láithreán Gréasáin**  
Bhí freagróirí den tuairim nár mhór feabhas a chur ar luas Wifi agus nár mhór an láithreán gréasáin a bheith níos éasca le húsáid. Mhol siad gur chóir dúinn níos mó ranganna poiblí a thionól maidir le húsáidí teicneolaíochta.
- **Sierra / córas nua bainistíochta leabharlainne**  
Aithnítear go leathan nach mór aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna.
- **Líon Foirne agus Cúram Custaiméara**  
Thug formhór na bhfreagróirí tuairim dhearfach maidir le foireann na leabharlainne agus lena gcuid scileanna maidir le cúram custaiméirí. Ní raibh 10% d'fhreagróirí sásta, áfach, maidir leis an tseirbhís mar atá faoi láthair, ó thaobh fáil a bheith ar an bhfoireann agus dearcadh ó thaobh cúram custaiméirí.
- **Saincheisteanna Eile**  
Páirceáil carranna ag na brainsí  
Costas maidir le priontáil agus fótachóipeáil  
Costas maidir le seomra cruinnithe  
Ní raibh an pobal ar an eolas maidir le go leor de na seirbhísí leabharlainne

## EOLAS MAIDIR LEIS NA LEABHARLANNA

### LEABHARLANN NA CARRAIGE DUIBHE

An Phríomhshráid  
An Charraig Dhubh  
Co. Bhaile Átha Cliath  
A94 X383  
Teil: (01) 2888117  
Ríomhphost: @blackrocklib@dlrcoco.ie

### LEABHARLANN CHÁBÁN TSÍLE

Seanbhóthar Bhré  
Cábán tSíle  
Baile Átha Cliath 18  
D18 W773  
Teil: (01) 2855363  
Ríomhphost: cabinteelylib@dlrcoco.ie

### LEABHARLANN DHEILGINSE

Sráid an Chaisleáin  
Deilginis  
Co. Bhaile Átha Cliath  
A96 AK28  
Teil: 2855317/2855277  
Ríomhphost: dalkeylib@dlrcoco.ie

### LEABHARLANN GHRÁINSEACH AN DÉIN

Céide Chluain Caoin  
Baile Átha Cliath 18  
D18 NY58  
Teil: (01)2850860  
Ríomhphost deansgrangelib@dlrcoco.ie

### LEABHARLANN DHÚN DROMA

Bóthar Bhaile an Teampaill Uachtarach  
Dún Droma  
Baile Átha Cliath 14  
D14 VP97  
Teil.: (01)2985000  
Ríomhphost: dundrumlib@dlrcoco.ie

### dlr LEXICON

Ardán Haigh  
Páirc Uí Mhóráin  
Dún Laoghaire  
Co. Bhaile Átha Cliath  
A96 H283  
Teil: (01)2801147  
Ríomhphost: dlrlexiconlib@dlrcoco.ie

### LEABHARLANN SHEANCHILLE

Bóthar na Leabharlainne  
Seanchill  
Contae Bhaile Átha Cliath  
D18 DX43  
Teil.: (01)2823081  
Ríomhphost: shankilllib@dlrcoco.ie

### LEABHARLANN STIGH LORGAN

Páirc Lorcáin  
Stigh Lorgan  
Co. Bhaile Átha Cliath  
A94 XTo2  
Teil.: (01)2889655  
Ríomhphost: stillorganlib@dlrcoco.ie



